2025/28

15.1.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/28 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Deireadh Fómhair 2024

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hiarratais ar chosaint ainmniúchán tionscnaimh, táscairí geografacha agus téarmaí traidisiúnta in earnáil an fhíona, an nós imeachta agóide, srianta ar úsáid, leasuithe ar shonraíochtaí táirge, cealú cosanta, agus lipéadú agus cur i láthair

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 109 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), bunaítear aon chreat coiteann amháin de chuid an Aontais chun tásca geografacha a chlárú agus a chosaint sna trí earnáil talmhaíochta (fíon, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta). Chun na críche sin, leis an Rialachán sin, leasaítear nó aisghairtear, a mhéid is gá, Rialacháin, lena ndearnadh foráil roimhe maidir le creataí ar leithligh sna hearnálacha sin: Leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann le tásca geografacha in earnáil an fhíona, agus Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) a mhéid a bhaineann le tásca geografacha in earnáil na ndeochanna biotáilleacha, agus aisghaireadh Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) a bhaineann le tásca geografacha in earnáil na dtáirgí talmhaíochta agus na mbia-earraí.

(2) Le Rialachán (AE) 2024/1143, tugtar de chumhacht don Choimisiún rialacháin tharmligthe agus cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar amach nós imeachta aonfhoirmeach chun tásca geografacha a chlárú le haghaidh earnálacha talmhaíochta an fhíona, na ndeochanna biotáilleacha agus na dtáirgí talmhaíochta. Mar thoradh air sin, gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a glacadh roimhe seo ar bhonn na gcumhachtuithe dá bhforáiltear sna rialacháin earnála, ní mór iad a leasú nó a aisghairm, a mhéid is gá chun iad a thabhairt i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1143 agus lena reachtaíocht thánaisteach.

(3) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([5]) lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, i measc rialachán eile, a mhéid a bhaineann le hiarratais ar chosaint ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus táscairí geografacha, an nós imeachta agóide, srianta ar úsáid, leasuithe ar shonraíochtaí táirge, cealú cosanta, agus lipéadú

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú deochanna biotáilleacha, úsáid ainmneacha deochanna biotáilleacha i gcur i láthair agus lipéadú earraí bia eile, agus cosaint tásc geografach le haghaidh deochanna biotáilleacha, úsáid alcóil eitile agus driogáití de thionscnamh talmhaíochta i ndeochanna alcólacha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 (IO L 130, 17.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/787/oj).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus d'earraí bia (IO L 343, 14.12.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1151/oj).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hiarratais ar chosaint ainmniúchán tionscnaimh, tásc geografach agus téarmaí traidisiúnta in earnáil an fhíona, an nós imeachta agóide, srianta ar úsáid, leasuithe ar shonraíochtaí táirge, cealú cosanta agus lipéadú agus cur i láthair (IO L 9, 11.1.2019, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/33/oj).

agus cur i láthair. I gcreat nua an Aontais le haghaidh tásca geografacha a bunaíodh le Rialachán (AE) 2024/1143, lena gcumhdaítear trí earnáil talmhaíochta (fíon, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta), cuirtear forálacha áirithe a áirítear i Rialachán (AE) 2024/1143 in ionad na rialacha a áirítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33, i bpáirt, agus den pháirt eile, cuirtear in ionad na rialacha sin na forálacha a áirítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún ([6]), lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 leis na rialacha a bhaineann le, i measc nósanna imeachta eile, nósanna imeachta maidir le freasúraí, leasuithe ar leibhéal an Aontais agus leasuithe caighdeánacha agus sealadacha a fhormheas agus a chur in iúl. Dá bhrí sin, a mhéid a bhaineann le hearnáil an fhíona, ba cheart forálacha áirithe Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 a scrios, mar gheall go mbeidís i gcoimhlint leis na forálacha a glacadh i Rialachán (AE) 2024/1143 nó i Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27, a bhfuil feidhm acu maidir le hearnáil an fhíona chomh maith.

(4) Mar sin féin, maidir le forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 a bhaineann le teanga an ainm chláraithe, an t-údar leis an gceanglas an fíon a phacáistiú laistigh den limistéar geografach, lena n-áirítear buidéalú, na maoluithe a bhaineann le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe, agus na maoluithe ón oibleagáid úsáid a bhaint as an téarma 'ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint' sa lipéadú, in Airteagal 1(1), 4(2), 5 agus 23 den Rialachán Tarmligthe sin, faoi seach, ba cheart iad a choinneáil ar bun mar go bhfuil siad riachtanach don chóras cé nár áiríodh i Rialachán (AE) 2024/1143 ná ní fhéadfaidh siad a bheith ina gcuid de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ar bhonn chumhachtuithe Rialachán (AE) 2024/1143.

(5) Ba cheart forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 nach mbaineann leis na tásca geografacha a choinneáil freisin.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hiarratais ar chosaint agus ar lipéadú ainmniúchán tionscnaimh agus tásc geografach, iarratais ar chosaint, an nós imeachta agóide, modhnú agus cealú téarmaí traidisiúnta agus lipéadú agus cur i láthair in earnáil an fhíona.';

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*

Ábhar

Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) a mhéid a bhaineann le hainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus tásca geografacha faoi chosaint in earnáil an fhíona:

(i) an t-ainm atá le cosaint;

(ii) ceanglais bhreise maidir le sonraíochtaí táirgí;

(iii) maoluithe maidir leis an limistéar geografach críochaithe;

(iv) maoluithe ar an oibleagáid 'tásca' a úsáid ar lipéid;

([6]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

(b) a mhéid a bhaineann le téarmaí traidisiúnta in earnáil an fhíona:

(i) iarratais ar chosaint;

(ii) an nós imeachta agóide;

(iii) modhnuithe;

(iv) cealú;

(c) a mhéid a bhaineann le hearnáil an fhíona go ginearálta: lipéadú agus cur i láthair.';

(3) scriostar Airteagal 2(2), Airteagal 3, Airteagal 4(1), agus Airteagail 7 go 21;

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 59:

'*Airteagal 59*

Teanga nós imeachta

Na doiciméid agus an fhaisnéis uile a chuirfear chuig an gCoimisiún i ndáil leis na hábhair dá bhforáiltear sa Rialachán seo, beidh siad i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais nó beidh aistriúchán deimhnithe go ceann de na teangacha sin ag gabháil leo.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN